RIALACHÁN (AE) 2021/1795 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Deireadh Fómhair 2021

lena gceartaítear Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar tríbhúitiolaisín i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1)(a) agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás tríbhúitiolaisín, leagtar síos uasleibhéil iarmhar (MRLanna) in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) Le Rialachán (AE) 2021/618 ón gCoimisiún ([2]) leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 trí MRLanna tríbhúitiolaisín in arbhar milis, arbhar Indiach/arbhar agus sorgam a leagan síos go hearráideach ar leibhéal 0,01 mg/kg seachas 0,02 mg/kg, arb é an teorainn chruinn chainníochtaithe (LOQ) é. Tá LOQ 0,02 mg/kg i gcomhréir le tuairim réasúnaithe an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia maidir leis na MRLanna atá ann cheana i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ([3]).

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a cheartú dá réir sin.

(4) Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis forfheidhmiúcháin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna a bheidh feidhm ag Rialachán (AE) 2021/618.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 6 Samhain 2021.

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2021/618 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le huasleibhéil iarmhar déchlófop, fluaipioram, iopconasóil agus tríbhúitiolaisín i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 131, 16.4.2021, lch. 55).

([3]) an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for terbuthylazine according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe faoin athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i gcás tríbhúitiolaisín de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. EFSA Journal [*Iris EFSA*] 2020; 18(1): 5980.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a leanas:

Sa cholún "tríbhúitiolaisín (R) (F)", cuirtear na luachanna seo a leanas in ionad na n-uasleibhéal iarmhar le haghaidh chóduimhreacha 0234000 "arbhar milis", 0500030 "arbhar Indiach/arbhar" agus 0500080 "sorgam":

(a) Códuimhir 0234000 "arbhar milis": "**0,02**(*)(+)" in ionad **"0,01**(*)(+)"

(b) Códuimhir 0500030 "arbhar Indiach/arbhar": "**0,02**(*)" in ionad **"0,01**(*)"

(c) Códuimhir 0500080 "sorgam": "**0,02**(*)" in ionad **"0,01**(*)"